# Glór

Meitheal Pleanála
Teanga an Iarthuaiscirt
An Crannóg
Srath na Corcra
Doirí Beaga
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall
074 9560620 / 087 2491101

Deireadh Fómhair 2023

*Buanú agus neartú na Gaeilge san Iarthuaiscirt*

# Féile Drámaíochta in Amharclann Ghaoth Dobhair

Comhghairdeas leis na haisteoirí agus achan duine a bhí bainteach leis an Féile Drámaíochta a bhí ar siúl in Amharclann Ghaoth Dobhair ar na mallaibh. Comhghairdeas leo siúd a bhain duaiseanna chomh maith!





# Preab sa cheol

Bhí seoladh do preab-leabhar úr 'Preab sa cheol' do chuid Doimnic Mac Giolla Bhríde in Amharclann Ghaoth Dobhair ar na mallaibh. B'í Róise Ní Bhaoill a sheol an leabhar go hoifigiúil.

# Comórtas Gaeilgeoir na Seachtaine i bPobalscoil Ghaoth Dobhair

Thug sé ardú meanma dúinn a bheith ábalta tacú le PSGD leis an smaoineamh ar dóigh Gaeilgeoir na Seachtaine a ainmniú ar na daltaí a dhéanann an iarracht is mó an Ghaeilge a labhairt agus a spreagadh i measc daltaí eile.




# David & Kat McCann ag foghlaim do pháistí Scoil Chonaill, an Bun Beag faoi smugairlí róin



Bhí lúchair orainn tacú le David & Kat McCann a bhí istigh i Scoil Chonaill, an Bun Beag le gairid agus iad ag labhairt leis na páistí faoi smugairlí róin. Maith iad beirt!

# Rang comhrá Gaeilge tosaithe in Áislann Rann na Feirste arís!

Rang comhrá Gaeilge faoi lán seoil in Áislann Rann na Feirste arís. Tá lúchair ar Mheitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt a bheith ag tacú leis an rang seo mar atá muid leis na ranganna uilig sa limistéar!



# Tacaíocht do gheansaithe polo foireann sinsear CLG Ghaoth Dobhair



Bhí áthas mhór orainn a bheith ábalta tacú le geansaithe polo foireann sinsear CLG Ghaoth Dobhair dona gcluiche ceannais a d’imir siad in éadan CLG Naomh Conaill ar na mallaibh. Ar an droch uair, ní raibh an lá leo ach beidh siad ar ais go láidir an bhliain seo chugainn tá súil againn uilig!

# Cur aithne ar Colm



Bhain Colm Gradam Réalt Óg na Bliana ag Gradaim Chumarsáide an Oireachtais ansin ar na mallaibh. Comhghairdeas mór leis! Seo é ag déanamh cur síos beag air féin.

**Ainm:** Colm Mac Giolla Easbuic
**Post:** Craoltóir le RTÉ Raidió na Gaeltachta agus Aisteoir le Ros na Rún,
**Bia:** Stáca agus Sceallóga
**Deoch:** Oíche amuigh: Heineken / Oíche istigh: MiWadi
**Ceol:** Ceol nua-aimseartha
**Clár Teilifíse**: Ag amharc ar 'Manifest' ar Netflix faoi láthair - tá sé maith!
**Podchraoladh:** The Diary Of A CEO
**Ainmhí:** Madadh
**Leabhar:** Níl mé léamh a'cheann faoi láthair, ach i gceist agam 'The Secret' a léamh gan mhoill!
**Féile Cheoil:** Ní fear mór féilte mé! B'fhéarr liom ceolchoirmeacha!
**Teanga Eachtrach:** Spáinnis
**Gréasán Sóisialta**: Instagram
**Tionchar is mó ar do shaol:** Mo mháthair
**Mairéad Ní Mhaonaigh nó Mairéad Ní Dhomhnaill?** Mairéad Ní Mhaonaigh
**TG4 nó RTÉ RnaG?** RTÉ RnaG ar ndóigh! 💚
**Laoch:** Rónán Mac Aodha Bhuí
**Oíche Amuigh**: Teach Hiúdaí Beag
**Cuireadh chuig cóisir:** Kevin Bridges nó Tommy Tiernan
**Laethanta saoire**: Majorca
**Seanfhocal:** Ná bac le mac an bhacaigh agus ní bhacfaidh mac an bhacaigh leat!
**Mana saoil:** An té a bhíonn go maith duit, bí go maith daofa!
**Cén áit ar mhaith leat a bheith i gceann 10 mbliana:** Sona sásta agus ar bharr mo shláinte!




Comhghairdeas le achan duine a ghlac páirt sa fhéile ón LPT seo chomh maith leis an chontae ar fad agus dóibh siúd a bhain duaiseanna agus gradaim.

## Buaiteoirí an Oireachtais ó LPT an Iarthuaiscirt

**Tá muid chomh brodúil asaibh ar fad! Maith sibh!**

